Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Straitéis um Nascacht Dhigiteach d'Éirinn

## 2022



Arna ullmhú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
**gov.ie/decc**

# Clár Ábhar


Clár Ábhar .... i

1 Cúlra agus Comhthéacs .... 1

2 Cuspóir na Straitéise seo .... 2

3 Spriocanna Foriomlána agus Achoimre .... 3

4 Príomhchumasóirí Straitéiseacha .... 5

4.1 Nascacht Gigighiotáin a Sholáthar .... 5

4.1.1 Infheistíocht Tráchtála i Nascacht Gigighiotáin .... 5

4.1.2 An Plean Náisiúnta Leathanbhanda .... 6

4.1.3 Na Nascphointí Leathanbhanda agus Scoileanna a Nascadh .... 7

4.1.4 Na Líonraí Achar Cathrach agus Bonneagar eile atá faoi Úinéireacht an Stáit .... 8

4.2 Nascacht Shoghluaiste a Sholáthar .... 9

4.2.1 Infheistíocht Tráchtála i Nascacht Shoghluaiste .... 9

4.2.2 Speictream 5G .... 9

4.2.3 Nascacht shoghluaiste a fheabhsú do láithreacha sonracha .... 10

4.2.4 Faisnéis Phoiblí a bhaineann le 5G .... 10

4.2.5 Tascfhórsa chun aghaidh a thabhairt ar ghlaonna núise .... 11

4.3 Nascacht Idirnáisiúnta a Sholáthar .... 11

4.4 Rialáil .... 12

4.5 An Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda .... 14

4.6 Taighde, Nuálaíocht agus Pleanáil sa Todhchaí .... 15

4.7 Tacú le Seirbhísí Digiteacha a ghlacadh ar fud earnálacha difriúla .... 15

4.7.1 Ról na nOifigeach Leathanbhanda agus ár nÚdarás Áitiúil a Neartú .... 16

4.7.2 Réitigh Chliste do Chathracha, do Bhailte agus do Phobail Tuaithe .... 17

4.7.3 Treoirthionscadail chun an t-aistriú digiteach a chur chun cinn .... 18

4.7.4 Ionaid Sonraí agus Nascacht Dhigiteach .... 19

4.8 Cibearshlándáil agus Seirbhísí Éigeandála .... 19

4.8.1 An tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála ........ 20

4.8.2 Córas Rabhaidh Poiblí ........ 21

5 An Straitéis um Nascacht Dhigiteach a Bhainistiú ........ 21

# 1 Cúlra agus Comhthéacs

Tá Éire tiomanta do chlaochlú digiteach tapa a bhaint amach. Tacóidh an fháil ar nascacht dhigiteach iontaofa ardluais le huaillmhianta geilleagracha agus sóisialta na hÉireann a chomhlíonadh sa ré dhigiteach. Cabhróidh sí lena chinntiú go mbeidh an Stát ar thús cadhnaíochta forbairtí digiteacha Eorpacha agus domhanda, mar atá beartaithe aige.

Leis an Straitéis um Nascacht Dhigiteach, tabharfar d'earnálacha difriúla an nascacht a theastaíonn chun gur féidir leo leas iomlán a bhaint as na deiseanna digiteacha atá ar fáil ina réimse faoi seach. Ar an tslí sin, bainfear forbairt réigiúnach níos cothromaithe amach agus tacófar leis an aistriú glas, lena n-áirítear trí chur chun feidhme a dhéanamh ar Straitéis an Rialtais maidir le Cianobair[1], ar Thodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann: Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025[2] agus ar Thionscadal Éireann 2040[3] agus trí rochtain mhéadaithe a éascú ar thallann réigiúnach agus ar scileanna réigiúnacha.

Tá nascacht dhigiteach ina réamhriachtanas maidir lena chinntiú go soláthrófar díbhinní sóisialta freisin, lena n-áirítear a chinntiú nach bhfágfar grúpaí faoi mhíbhuntáiste inár ndiaidh san aistriú seo agus go mbeidh siad in ann glacadh go hiomlán le deiseanna digiteacha.


Ar mhaithe le rathúnas geilleagrach agus cuimsiú sóisialta, teastaíonn ó Éirinn nascacht dhigiteach atá ar fáil do chách agus a bhfuil feidhmíocht, slándáil agus inbhuanaitheacht den scoth le haghaidh úsáid náisiúnta agus úsáid idirnáisiúnta araon mar shaintréith aici.

---

[1] Is féidir Straitéis an Stáit maidir le Cianobair a fháil ag [gov.ie - Cianobair a Chumasú: An Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair (www.gov.ie)]

[2] Is féidir Beartas Forbartha Tuaithe an Stáit a fháil ag https://www.gov.ie/en/publication/4c236-our-rural-future-vision-and-policy-context/

[3] Is é atá i dTionscadal Éireann 2040 ná an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 araon. Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála an fhís agus an straitéis le haghaidh ár dtír a fhorbairt suas go dtí an bhliain 2040 agus tugtar sa Phlean Forbartha Náisiúnta an infheistíocht cumasúcháin le haghaidh an straitéis a chur chun feidhme. Is féidir mionsonraí a fháil ag https://www.gov.ie/en/campaigns/09022006-project-ireland-2040/



# 2 Cuspóir na Straitéise seo

Is é cuspóir na Straitéise seo um Nascacht Dhigiteach ná breac-chuntas a thabhairt ar na spriocanna a bhainfidh an earnáil teileachumarsáide amach maidir le nascacht dhigiteach a sholáthar ar fud an Stáit agus sainaithint a dhéanamh ar na príomhchumasóirí a chuirfear chun feidhme chun a chinntiú go gcomhlíonfar na spriocanna sin.

Bainfear an Straitéis seo um Nascacht Dhigiteach amach bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Spreagfaimid infheistíocht tráchtála i réitigh atá fuinneamhéifeachtúil agus in ionracas agus slándáil líonra agus tacóimid le nuachóiriú na líonraí atá ann cheana agus leis an aistriú chuig líonraí Gigighiotáin agus 5G agus éascóimid an nuachóiriú agus an t-aistriú sin;
- Cinnteoimid go dtarlóidh sé, trínár gcreat rialála, go spreagfar infheistíocht, go gcuirfear iomaíocht bonneagair chun cinn agus go dtacófar le nuálaíocht i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn;
- Nuair is cuí, déanfaimid idirghabháil i gcás go dteipfidh ar an margadh seirbhísí a sholáthar nó i gcás nach bhfreastalóidh uainiú an tsoláthair réamh-mheasta tráchtála ar riachtanais an Stáit; agus
- Cuirfimid glacadh teicneolaíochtaí digiteacha chun cinn trí thacaíocht a thabhairt do threoirthionscnaimh agus trí chláir a bhfuil mar aidhm leo taighde agus nuálaíocht a fhorbairt sa réimse.

Tá an Straitéis seo um Nascacht Dhigiteach dírithe ar an mbonneagar teileachumarsáide agus na seirbhísí teileachumarsáide lena soláthraítear nascacht dhigiteach a chumasú. Leis an Straitéis, tacaítear go díreach leis na spriocanna digiteacha foriomlána atá ag an Stát a bhaint

amach, mar atá leagtha amach sa doiciméad ‘Leas a Bhaint as Digitiú - Creat Digiteach na hÉireann’[4], go háirithe ‘Gné 2: Bonneagar Digiteach’, atá tuairiscithe laistigh den Chreat.

Comhlánaítear an Straitéis seo tuilleadh leis an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála[5], a bhfuil mar aidhm léi Éire a chumasú leanúint le taitneamh a bhaint go sábháilte as tairbhí na réabhlóide digití agus ról iomlán a imirt maidir le todhchaí an Idirlín a mhúnlú.

Tá sé beartaithe gur straitéis dhinimiciúil a bheidh sa Straitéis seo um Nascacht Dhigiteach agus go ndéanfar í a fhorbairt agus a athrú chun dáta, de réir mar is cuí. Tiocfaidh cumasóirí straitéiseacha nua chun cinn de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar sheirbhísí nua, mar a fhorbraíonn an margadh, mar a dhéantar dul chun cinn teicneolaíochta agus mar a bhraitear mórthionchair shocheacnamaíocha. Dá bhrí sin, déanfar an Straitéis seo a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn tráthrialta.

# 3 Spriocanna Foriomlána agus Achoimre

**Spriocanna Foriomlána le haghaidh Nascacht Dhigiteach**

- Beidh gach teaghlach agus gnólacht Éireannach cumhdaithe le líonra Gigighiotáin tráth nach déanaí ná an bhliain 2028
- Beidh gach limistéar a bhfuil cónaí iontu[6] cumhdaithe le 5G tráth nach déanaí ná an bhliain 2030[7]

[4] gov.ie - Leas a Bhaint as Digitiú - Creat Digiteach na hÉireann (www.gov.ie)

[5] Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála sa bhliain 2019 agus tá sí ar fáil ag gov.ie - An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála (www.gov.ie).

[6] Tá 5G le cur ar fáil sna cathracha, sna bailte agus sna sráidbhailte ina gcónaíonn agus ina n-oibríonn daoine de ghnáth, ar bhealaí neamhbhuana agus comaitéireachta, agus i limistéir a bhfuil tábhacht straitéiseach leo don phobal áitiúil.

[7] Táthar ag súil leis go mbeidh éagsúlacht ann maidir le feidhmíocht chumhdach líonra 5G, agus í ag brath ar an dlús daonra sa limistéar atá cumhdaithe agus ar an bhfeidhmíocht a theastóidh ó úsáideoirí na seirbhíse. I gcathair nó i limistéar fo-uirbeach, mar shampla, tacóidh imscaradh ceall beag leis na riachtanais atá ag úsáideoirí de chineál cathrach cliste agus le feidhmchláir lena mbaineann tréchur ard agus feidhmíocht aga folaigh ísil. I gcodarsnacht leis sin, is féidir go mbeidh an tréchur agus riachtanais eile feidhmíochta níos ísle i limistéir ina n-imscarfar macraichealla agus nach bhfuil an daonra chomh dlúth céanna iontu.

- Nascacht dhigiteach a sholáthar do gach Nascphointe Leathanbhanda agus do gach Scoil faoin mbliain 2023

Soláthrófar nascacht dhigiteach ar fud an Stáit, go príomha trí infheistíocht tráchtála an tionscail teileachumarsáide. Déanfaidh an Rialtas bearta chun nascacht mhéadaithe Gigighiotáin agus 5G a bhrú chun cinn, lena n-áirítear tríd an infheistíocht tráchtála i mbonneagar a chomhlánú le tionscnaimh atá faoi stiúir ag an Rialtas agus trí chumasóirí straitéiseacha eile a éascú.

Áirítear iad seo a leanas leis na tionscnaimh atá faoi stiúir ag an Rialtas:

- **tríd an Idirghabháil atá faoi stiúir ag an Stát faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, seirbhísí líonra Gigighiotáin a imscaradh** go príomha i limistéir thuaithe, agus thart ar 23% de na háitribh uile ar fud an Stáit á gcumhdach;
- **roinnt nasc díreach nascachta idirnáisiúnta a fhorbairt leis an gcuid eile den Eoraip** agus a chinntiú go soláthróidh an Phleanáil Limistéir Mhuirí an creat cuí chun é sin a dhéanamh. Cinnteofar go mbeidh na naisc bhonneagair nascachta idirnáisiúnta chuig an Stát agus uaidh araon slán agus athléimneach agus sách éagsúil agus láidir chun gur féidir leo freastal ar ár riachtanais;
- **a chinntiú go leanfar le Speictream 5G a chur ar fáil**, áit a leagfar oibleagáidí cuí cumhdaigh agus imscartha agus a ndéanfar faireachán ar úsáid an speictrim chun a chinntiú go n-úsáidfear ar shlí éifeachtach éifeachtúil é; agus
- **taighde agus nuálaíocht i dteicneolaíochtaí nua agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn** agus a bheidh ag teastáil san fhadtéarma a chur chun cinn agus an líon mór treoirlíonraí agus líonraí tástála atá ar fáil ar fud an Stáit a ghiaráil.

## Teicneolaíochtaí Digiteacha agus Inbhuanaitheacht

Tá ról ríthábhachtach le himirt ag teicneolaíochtaí digiteacha maidir le húsáid fuinnimh agus acmhainní a laghdú ar fud na n-earnálacha uile. Is féidir drochthionchair shubstaintiúla chomhshaoil a bheith ag baint leis na teicneolaíochtaí digiteacha iad féin a imscaradh, áfach. Áirítear leo sin éilimh ar fhuinneamh, úsáid acmhainní agus giniúint truaillithe agus dramhaíola. Is gá don bheartas a chinntiú go ndéanfar na teicneolaíochtaí digiteacha sin a fhorbairt agus a imscaradh ar bhealach inbhuanaithe. Áirítear leis sin **aghaidh a thabhairt ar na dúshláin fuinnimh agus na dúshláin gheilleagair chiorclaigh a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha trí leas a bhaint as cineálacha oiriúnacha cur chuige agus**

**as prionsabail oiriúnacha**. Mar chuid den sruth oibre seo, déanfaidh an Rialtas na nithe seo a leanas:

- Anailís a dhéanamh, i gcomhairle le saineolaithe, ar na tionchair dhearfacha agus dhiúltacha a imríonn **athruithe teicneolaíochta digití ar an inbhuanaitheacht**, go háirithe éifeachtúlacht fuinnimh agus an geilleagar ciorclach.

# 4 Príomhchumasóirí Straitéiseacha

Is iad na Príomhchumasóirí Straitéiseacha ná cláir oibre a theastaíonn chun cur chun feidhme comhleanúnach tráthúil na Straitéise seo um Nascacht Dhigiteach a chinntiú.

## 4.1 Nascacht Gigighiotáin a Sholáthar

### 4.1.1 Infheistíocht Tráchtála i Nascacht Gigighiotáin

Fostaíonn an earnáil teileachumarsáide thart ar 25,000 duine agus d'infheistigh sí thart ar €3.3 billiún i líonraí nua agus i líonraí uasghrádaithe thar na cúig bliana seo a chuaigh thart.

Tugtar le fios sna fógairtí a rinne Virgin Media[8], SIRO[9] agus eir[10] le déanaí go mbeidh formhór mór na n-áitreabh i limistéir uirbeacha agus fho-uirbeacha cumhdaithe le seirbhísí 'snáithín chuig an mbaile' agus go gcuirfear seirbhísí líonra Gigighiotáin ar fáil do na láithreacha sin faoin mbliain 2028.

Is é an toradh a bheidh ar an infheistíocht tráchtála sin ná go gcuirfear seirbhísí líonra Gigighiotáin ar fáil d'fhormhór mór na n-áitreabh, go príomha i limistéir uirbeacha agus fho-uirbeacha, agus thart ar 77% de na háitribh uile ar fud an Stáit á gcumhdach, agus go gcuirfear seirbhísí 5G ar fáil do gach limistéar a bhfuil cónaí iontu ar fud an Stáit a luaithe a chuirfear an speictream cuí ar fáil.

Achtóidh an Rialtas reachtaíocht chun go bhféadfar **Oibleagáid Seirbhíse Uilechoitinne[11] a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí leathanbhanda leordhóthanacha a sholáthar**. Déanfar amhlaidh chun a chinntiú go mbeidh na seirbhísí sin ar a laghad ar fáil do chách.

[8] Virgin Media to invest €200m in making network fibre (rte.ie)

[9] Siro announces €620m investment to upgrade broadband network (irishtimes.com)

[10] Eir to add 200,000 homes to its 'real' fibre broadband roll-out - Independent.ie

[11] Is é is Oibleagáid Seirbhíse Uilechoitinne ann ná oibleagáid dhlíthiúil a fhéadfar a chur ar oibritheoir i limistéar geografach sonrach. Leis an Oibleagáid, ceanglaítear ar an oibritheoir seirbhísí

Faoi Phlean Náisiúnta na hÉireann um Theacht Aniar agus Téarnamh, **infheisteoidh an Stát €19 milliún i líonra ardluais aga folaigh ísil a imscaradh faoin mbliain 2024**, agus seirbhísí leathanbhanda 100 Gigighiotán á soláthar do gach cathair agus gach mórbhaile. Mar chuid den tionscnamh, **cuirfear seirbhísí leathanbhanda 10 nGigighiotán ar fáil d'fhoirgnimh Rialtais sna láithreacha sin**. Ina theannta sin, áiritheoidh an Stát **seirbhísí leathanbhanda Gigighiotáin do gach láthair bheag satailíte de chuid an rialtais** i gcás go mbeidh na seirbhísí sin ar fáil ón margadh.


### 4.1.2 An Plean Náisiúnta Leathanbhanda

Tríd an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda[12], leantar le cloí leis an ngealltanas ón Rialtas a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach saoránach ar an Idirlíon trí leathanbhanda ardluais, is cuma cén áit a bhfuil siad sa tír.

Trí chonradh an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a dámhadh sa bhliain 2019, rud ar fiú €2.7 billiún é agus atá á chistiú ag an Stát, imscarfar seirbhísí Gigighiotáin sna láithreacha is mó faoin tuath, agus thart ar 23% de na háitribh uile ar fud an Stáit á gcumhdach. Soláthrófar raon seirbhísí difriúla d'áitribh chónaithe agus d'áitribh ghnó araon atá lonnaithe laistigh den limistéar idirghabhála.

leathanbhanda leordhóthanacha a sholáthar do na háitribh sa limistéar sin i gcás nach mbíonn seirbhísí leathanbhanda leordhóthanacha á soláthar ag aon oibritheoir eile.

[12] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach https://www.gov.ie/en/publication/c1b0c9-national-broadband-plan/




Fíor 4.1 – Leagtar amach i Léarscáil an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda na limistéir (a bhfuil dath ómrach orthu) ina n-imscarfar seirbhísí Gigighiotáin faoi Chonradh an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Tá sé mar aidhm ag an Rialtas **a chinntiú go gcuirfear imscaradh an líonra Gigighiotáin faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda i gcrích a thapa is féidir** agus a chinntiú go dtabharfar aghaidh a luaithe is féidir ar aon bhacainní a bheidh ag cur isteach ar sholáthar an líonra.

## 4.1.3 Na Nascphointí Leathanbhanda agus Scoileanna a Nascadh

Déantar leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda socrú freisin le haghaidh nascacht ardluais a imscaradh i láithreacha straitéiseacha, lena n-áirítear Nascphointí Leathanbhanda Poiblí, moil dhigiteacha, scoileanna, marglanna, stáisiúin an Gharda Síochána agus saoráidí eile Rialtais atá lonnaithe laistigh de limistéar idirghabhála an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Faoin gclár um Nascphointí Leathanbhanda Poiblí, soláthrófar nascacht leathanbhanda ardluais do bhreis agus 280 ceann d’fhoirgnimh phobail atá inrochtana go poiblí. Cumasaítear

le Nascphointí Leathanbhanda Poiblí úsáid pobail ar an láithreán i limistéir thuaithe agus iargúlta, lena n-áirítear roinnt dár n-oileáin amach ón gcósta.

Tá Nascphointí Leathanbhanda Poiblí sa riocht is fearr chun gníomhú mar bhinsí tástála le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha atá ag teacht chun cinn. Tairgtear leo freisin deiseanna le haghaidh seirbhísí agus taitneamhachtaí atá cumasaithe ón taobh digiteach de a sholáthar do phobail tuaithe.

Oibreoidh an Rialtas i gcomhar le tríú páirtithe iomchuí **chun scéimeanna agus cláir a thriail ag Nascphointí Leathanbhanda Poiblí agus chun na láithreáin sin a fhorbairt ina n-acmhainní pobail atá cumasaithe ón taobh digiteach de**.

Faoi chlár Scoileanna an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, soláthrófar nascacht leathanbhanda ardluais do 670 scoil, beagnach. Tá formhór na scoileanna sin ina scoileanna tuaithe atá lonnaithe laistigh de limistéar idirghabhála an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Tá sé mar aidhm ag an Rialtas **a chinntiú go soláthrófar nascacht dhigiteach do na Nascphointí Leathanbhanda sin agus do gach Scoil atá lonnaithe laistigh de limistéar idirghabhála an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda tráth nach déanaí ná an bhliain 2023**.

Ina theannta sin, is é an toradh a bheidh ar an gClár Leathanbhanda le haghaidh Scoileanna, ar fiú €16 mhilliún é agus atá á chistiú faoi Phlean Náisiúnta na hÉireann um Theacht Aniar agus Téarnamh, ná **go soláthrófar nascacht leathanbhanda ardluais do suas le 1,600 scoil ar fud an Stáit faoin mbliain 2023**, go soláthrófar cistiú deontais TFC chun scoileanna a chumasú tacú le foghlaimeoirí trí nascacht, gléasanna agus bogearraí a sholáthar, agus go seolfar clár trína soláthrófar ríomhairí glúine do 20,000 mac léinn faoi mhíbhuntáiste sa Bhreisoideachas agus san Ardoideachas.

### 4.1.4 Na Líonraí Achar Cathrach agus Bonneagar eile atá faoi Úinéireacht an Stáit

Cinnteoidh an Rialtas go leanfar leis an mbonneagar teileachumarsáide atá faoi úinéireacht an Stáit faoi láthair, lena n-áirítear na **Líonraí Achar Cathrach**, a bhainistiú agus a fheabhsú ar mhaithe le teileachumarsáid a bhfuil rochtain oscailte uirthi agus atá neodrach ó thaobh iompróra de a sholáthar go héifeachtach do ghnólachtaí, do scoileanna agus do thithe ar fud an Stáit.

Tá Líonraí Achar Cathrach imscartha i 94 cinn de bhailte agus de chathracha ar fud na hÉireann. Is féidir iad a úsáid chun raon seirbhísí éagsúla a sholáthar. Áirítear leo sin, mar shampla, seirbhísí teileachumarsáide, seirbhísí rochtana Idirlín, seirbhísí teilifíse, agus

seirbhísí teilifíse ciorcaid iata (TCI) do ghnólachtaí agus saoránaigh sna láithreacha lena mbaineann.

Imríonn Líonraí Achar Cathrach ról tábhachtach freisin maidir le himscaradh líonra an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a chothú trí bhonneagar teileachumarsáide amhail duchtbhealaí teileachumarsáide agus foirgnimh mhalartaithe a sholáthar. Roghnaíodh roinnt láithreacha Líonra Achar Cathrach mar 'Phointí Aistrithe' i líonra an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, áit ar féidir le hoibritheoirí tráchtála comhéadan a dhéanamh idir a líonraí féin agus líonra an Phlean.

## 4.2 Nascacht Shoghluaiste a Sholáthar

### 4.2.1 Infheistíocht Tráchtála i Nascacht Shoghluaiste

Tá seirbhísí 5G á n-imscaradh ag Vodafone, ag eir agus ag Three Ireland ar fud an Stáit faoi láthair. Is cumhdaithe anois atá na cathracha uile agus beagnach 80% den daonra[13]. Leanfar le scála agus cumhdach geografach na seirbhísí sin a leathnú de réir mar a scaoiltear speictream breise 5G.

Is é an toradh a bheidh ar an infheistíocht tráchtála sin ná go gcuirfear seirbhísí 5G ar fáil do gach limistéar a bhfuil cónaí iontu ar fud an Stáit a luaithe a chuirfear an speictream cuí ar fáil.

Beidh an Rialtas ar thús cadhnaíochta seirbhísí soghluaiste 5G a ghlacadh trí fhormhór mór **na gconarthaí soghluaiste státseirbhíse uile a aistriú ina síntiús atá bunaithe ar 5G tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2024**.

### 4.2.2 Speictream 5G

Tá ComReg, an tÚdarás Rialála Náisiúnta don earnáil cumarsáide, freagrach as bainistíocht éifeachtach agus úsáid éifeachtúil an speictrim raidió a chinntiú thar ceann an Stáit. Úsáidtear an speictream raidió chun raon leathan líonraí, seirbhísí agus feidhmchlár cumarsáide a sholáthar le leas na sochaí, lena n-áirítear iad sin a úsáidtear chun tacú le seirbhísí poiblí agus fóntais phoiblí a sholáthar agus le hoibritheoirí tráchtála.

Maidir le speictream 5G, shainaithin an tAontas Eorpach trí cinn de "bhandaí Ceannródaíocha" lena n-úsáid ag líonraí 5G, is iad sin: 700 MHz, 3.6 GHz, agus 2.6 GHz.

Ag teacht sna sála ar cheant speictrim, dheonaigh ComReg ceadúnais nua 3.6 GHz do chúig oibritheoir i mí an Mheithimh 2017. Ba é sin an chéad uair riamh a shann Stát den Aontas

[13] Deireadh Fómhair 2022

Eorpach speictream raidió atá spriocdhírithe dá úsáid ag seirbhísí 5G. Is mar thoradh ar dhámhachtain na gceadúnas sin atá imscaradh substaintiúil tráchtála 5G againn in Éirinn inniu.

Is é an chéad cheant speictrim eile de chuid ComReg ná an próiseas **Dámhachtana Speictrim Ilbhanda (MBSA2)**, rud atá deartha chun na cearta úsáide a shannadh i gceithre bhanda speictrim (is iad sin, na bandaí 700 MHz, 2.1 GHz, 2.3 GHz agus 2.6 GHz). Mar thoradh ar an dámhachtain sin, atá ar feitheamh imeachtaí dlíthiúla áirithe a thabhairt i gcrích, cumasófar don mhargadh seirbhísí i bhfad níos fearr a sholáthar chun freastal ar an éileamh méadaitheach atá ag tomhaltóirí ar shonraí soghluaiste agus ar sheirbhísí nua. Tá ComReg ag iarraidh próiseas MBSA2 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir.

### 4.2.3 Nascacht shoghluaiste a fheabhsú do láithreacha sonracha

Soláthrófar nascacht shoghluaiste shubstaintiúil ar fud an Stáit mar thoradh ar an infheistíocht leantach a dhéanfaidh oibritheoirí ina líonraí agus mar thoradh ar speictream raidió breise a scaoileadh trí phróiseas MBSA2.

Is dóigh, áfach, go mbeidh nascacht shoghluaiste fheabhsaithe ag teastáil i láithreacha agus suíomhanna áirithe – mar shampla, feadh príomhbhealaí iompair amhail na mótarbhealaí chuig calafoirt/aerfoirt náisiúnta agus uathu araon, áit a mbeidh réitigh aga folaigh ísil ag teastáil chun críocha bainistíochta flít nó chun críocha sábháilteachta – nó i suíomhanna tuaithe áirithe ina mbíonn ardlíon turasóirí ag buaic-amanna den bhliain.

Dá bhrí sin, **oibreoidh an Stát i gcomhar leis an tionscal chun a chinntiú go gcuirfear réitigh chuí nascachta soghluaiste ar fáil sna láithreacha sin**. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná grúpaí gníomhaíochta áitiúla a fhorbairt chun réitigh fhéideartha a shainaithint, iarrachtaí a chomhordú ar fud raon geallsealbhóirí difriúla, idir gheallsealbhóirí poiblí agus gheallsealbhóirí príobháideacha, agus treoirthionscnaimh/tionscnaimh cruthúnas coincheapa a fhorbairt chun réitigh bheartaithe a thástáil.

### 4.2.4 Faisnéis Phoiblí a bhaineann le 5G

Tá na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag réimsí leictreamaighnéadacha ar dhaoine ina n-ábhar do mhéid suntasach taighde. Áirítear leis sin na minicíochtaí raidió a úsáidtear agus a bheartaítear do 5G i gcumarsáid shoghluaiste agus feidhmchláir eile.

**Chuir an Stát de chúram ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faireachán a dhéanamh ar leibhéil réimse leictreamaighnéadaigh** sa ghnáth-thimpeallacht laethúil chun a chinntiú gur sábháilte a bhíonn na hastaíochtaí ó 5G agus ó theicneolaíochtaí eile[14].

### 4.2.5 Tascfhórsa chun aghaidh a thabhairt ar ghlaonna núise

Déanann coirpigh dúshaothrú ar an ngnáthúsáid a bhainimid as líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, agus ionsaithe de chineál innealtóireachta sóisialta – amhail glaoscaireacht, smioscaireacht agus spúfáil aitheantais glaoiteora – á n-úsáid acu chun faisnéis phearsanta tomhaltóirí a ghnóthú go neamhdhleathach ar mhaithe le calaois airgeadais a dhéanamh ar deireadh. Tríd is tríd, is é a bhíonn i gceist leis an gcineál calaoise sin ná drochúsáid a bhaint as táirgí teileachumarsáide (go háirithe teileafóin agus fóin phóca) nó as seirbhísí teileachumarsáide chun airgead a ghnóthú go neamhdhleathach ó sholáthraí seirbhíse cumarsáide nó óna chustaiméirí. Bíonn bac agus mearbhall á gcur ar thomhaltóirí, agus bíonn bagairt á déanamh orthu, mar thoradh ar an méid cumarsáide núise. Mar gheall ar mhinicíocht mhéadaitheach na cumarsáide núise agus ar na héifeachtaí damáisteacha a bhíonn aici ar mhuinín an phobail as ionracas agus iontaofacht na cumarsáide leictreonaí, **chuir ComReg tascfhórsa, ar a dtugtar an Tascfhórsa Tionscail um Chumarsáid Núise, ar bun** chun ionadaithe ón tionscal cumarsáide leictreonaí a thabhairt le chéile. Tá sé de chúram ar an Tascfhórsa[15] teacht ar réitigh chun aghaidh a thabhairt ar mhinicíocht mhéadaitheach na nglaonna núise a chuirtear ar úsáideoirí fón póca in Éirinn. D'fhoilsigh ComReg an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn an Tascfhórsa Tionscail um Chumarsáid Núise le déanaí[16].

## 4.3 Nascacht Idirnáisiúnta a Sholáthar

Tá mórthábhacht straitéiseach do Stát na hÉireann ag baint le nascacht atá slán, iontaofa agus ar ardchaighdeán le líonraí teileachumarsáide domhanda. Trí nascacht idirnáisiúnta a neartú agus trí bhonneagar digiteach atá sofhreagrúil agus athléimneach a fhorbairt, beidh

---

[14] Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, féach https://www.epa.ie/environment-and-you/radiation/emf/what-is-emf/radiofrequency-fields-/5g---new-rf-technologies/

[15] Is féidir tuilleadh faisnéise agus an t-eolas is deireanaí ón Tascfhórsa Tionscail um Chumarsáid Núise a fháil ag https://www.comreg.ie/publication/nuisance-communications-formation-of-the-nuisance-communications-industry-taskforce

[16] Féach https://www.comreg.ie/publication/nuisance-communications-update-on-the-nuisance-communications-industry-taskforce

Éire in ann glacadh le claochlú digiteach, rud a éascóidh fás geilleagrach inbhuanaithe agus díbhinní sóisialta dearfacha.

Tá deis straitéiseach ann Éire a shuí mar mhol nascachta lárnach san Eoraip agus gníomhú mar thairseach chuig an Eoraip do gach cábla trasatlantach ó Mheiriceá Thuaidh. Is féidir é sin a bhaint amach trína chinntiú go bhforbróidh Éire bealaí nascachta ardacmhainne éagsúla go díreach chuig mór-roinn na hEorpa agus trí leanúint ag an am céanna le hinfheistíocht a spreagadh i dtionscadail chábla ó Mheiriceá Thuaidh chuig Éirinn[17].

Meastar córas láidir comhleanúnach pleanála muirí a bheith ar cheann amháin de na príomhchumasóirí maidir le hinfheistíocht amach anseo a spreagadh agus a chothú i mbonneagar teileachumarsáide fomhuirí ardluais.

Is féidir go mbeidh bearta breise chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil ag teastáil chun nascacht idirnáisiúnta a fhorbairt tuilleadh chuig mór-roinn na hEorpa agus chun a chinntiú go n-éireoidh Éire ina mol nascachta lárnach.

Mar chuid den chumasóir seo, **cinnteoidh an Stát go mbeidh an bonneagar nascachta idirnáisiúnta chuig an Stát agus uaidh araon athléimneach agus sách éagsúil agus láidir** chun gur féidir leis freastal ar éilimh na riachtanas náisiúnta.

**Tacóidh an Stát le tionscadail a chur isteach chuig Saoráid an Aontais Eorpaigh um Chónascadh na hEorpa (CEF2)[18] agus spreagfaidh sé tionscadail den sórt sin**, i gcás go mbeidh siad ag teacht leis an straitéis seo.

Ina theannta sin, **scrúdóidh an Stát na roghanna atá ann idirghabháil atá faoi stiúir ag an Stát a dhéanamh sa mhargadh** chun a chinntiú go bhforbrófar nascacht idirnáisiúnta dhóthanach idir Éirinn agus na Ballstáit eile den Aontas Eorpach.

## 4.4 Rialáil

Tá an Stát tiomanta dá chinntiú gur láidir agus soiléir a bheidh creat rialála teileachumarsáide na hÉireann agus go ndéanfar leis cinnteacht rialála, iomaíocht, aeráid atá i bhfabhar infheistíochta, agus na caighdeáin inbhuanaitheachta is airde a chothú ar aon dul le beartais an Aontais Eorpaigh agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.

[17] Is féidir na Príomhfhionnachtana ón gComhairliúchán ar Nascacht Idirnáisiúnta don Teileachumarsáid a rinneadh sa bhliain 2021 a fháil ag [https://assets.gov.ie/214943/fcd8e76a-a082-4969-88fe-6c175f4c637d.pdf](https://assets.gov.ie/214943/fcd8e76a-a082-4969-88fe-6c175f4c637d.pdf)

[18] Is féidir mionsonraí faoi ghlao na Saoráide um Chónascadh na hEorpa a fháil ag https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/activities/cef-digital

Tá freagracht ar ComReg[19] as an earnáil a rialáil agus imríonn sé ról tábhachtach i nascacht dhigiteach na hÉireann a mhúnlú agus a chumasú.

Fócas príomha sa réimse seo is ea an creat rialála athraithe chun dáta ón Aontas Eorpach, mar atá an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach[20]. Is é atá san athrú chun dáta sin ná leasú ar chreat rialála iomlán an Aontais Eorpaigh don earnáil teileachumarsáide. Leis an gCód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, neartófar uirlisí rialála na hiomaíochta agus an chomhlíonta i bhfianaise forbairtí nua teicneolaíochta agus margaidh. Tagann an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach in ionad Threoir an Chreata, Threoir an Údaraithe, Threoir na Rochtana agus na Treorach um Sheirbhís Uilíoch, agus cuirtear ar chumas na mBallstát leis Oibleagáid Seirbhíse Uilechoitinne a thabhairt isteach le haghaidh leathanbhanda nuair is cuí. **Tá Creat Rialála na hÉireann á athrú chun dáta faoi láthair chun an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach a thrasuí i ndlí na hÉireann.**

Tá sé ríthábhachtach freisin go mbainfeadh tomhaltóirí tairbhe as iomaíocht praghsanna, as cáilíocht agus as an raon seirbhísí a theastaíonn chun gur féidir leo a saol laethúil a mhaireachtáil agus a ngnólachtaí a reáchtáil. **Áirítear leis an mBille um Rialáil Cumarsáide (Leasú)** atá le teacht **roinnt cosaintí nua um sheirbhís do chustaiméirí** chun aghaidh a thabhairt ar an líon gearán faoi sheirbhís do thomhaltóirí atá ag teacht chun cinn le blianta beaga anuas. Áireofar leis na forálacha sin próiseas malartach breisithe réitigh díospóide do thomhaltóirí, cumhacht nua do ComReg chun íoschaighdeáin cháilíochta seirbhíse a shocrú is caighdeáin nach mór d'oibritheoirí a chinntiú dá dtomhaltóirí, scéim cúitimh nua lena dtabharfar teidlíocht do thomhaltóirí le haghaidh cúiteamh a fháil as teipeanna sonracha um sheirbhís do chustaiméirí thar ceann a n-oibritheora agus "Cairt Custaiméirí" nua ina leagfar amach go soiléir na caighdeáin ar féidir le tomhaltóirí a bheith ag súil leo óna soláthraithe seirbhíse.

Ós Ballstát beag den Aontas Eorpach í, ní mór d'Éirinn comhghuaillíochtaí a thógáil chun tionchar éifeachtach a imirt ar thograí reachtacha ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh ag céim níos luaithe. Chun an méid sin a bhaint amach, **forbróidh an Stát níos mó acmhainne chun ionadaíocht a dhéanamh dár leasanna náisiúnta go héifeachtach ar phríomhfhóraim an Aontais Eorpaigh**.

---

[19] Straitéis | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (comreg.ie)

[20] Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/electronic-communications-laws

## 4.5 An Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda

Seoladh an **Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda**[21] i mí Iúil 2016 chun fónamh mar cheann feadhna ar an rochtain ar sheirbhísí teileachumarsáide ar fud na hÉireann a fheabhsú. Ós fóram trasrialtais ardleibhéil é a dhéanann idirchaidreamh díreach leis an tionscal, tá sé in áit uathúil chun a chinntiú go nglacfar cur chuige comhleanúnach i leith forbairt teileachumarsáide sa Stát.

Idir na blianta 2016 agus 2019, chomhlíon an chéad leagan den Tascfhórsa breis agus 70 gníomh spriocdhírithe lenar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna amhail faisnéis do thomhaltóirí, cleachtais fógraíochta, imscaradh bonneagair mórscála, agus athbhreithnithe ar nósanna imeachta pleanála agus ar nósanna imeachta le haghaidh ceadanna a dheonú.

I mí na Nollag 2021, tháinig an Tascfhórsa le chéile arís, agus é mar shainchúram air cur leis an dul chun cinn a rinne sé roimhe sin agus sainaithint a dhéanamh ar na bacainní atá ann fós le seirbhísí teileachumarsáide feabhsaithe a sholáthar agus aghaidh a thabhairt ar na bacainní sin. Tá an clár oibre nua, a athbhreithneofar gach bliain, dírithe ar na nithe seo a leanas:

- Feabhas a chur ar an raon cumhdaigh d'fhóin phóca amuigh faoin spéir i limistéir thuaithe agus i limistéir uirbeacha araon;
- A chinntiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as bonneagar agus as sócmhainní chun tacú le cur i bhfeidhm na líonraí teileachumarsáide;
- Cuíchóiriú cuí a dhéanamh ar nósanna imeachta le haghaidh ceadanna a dheonú, ar nósanna imeachta pleanála agus ar nósanna imeachta ceadúnúcháin; agus
- Feabhas a chur ar an bhfáil ar fhaisnéis do thomhaltóirí maidir le táirgí teileachumarsáide agus seirbhísí teileachumarsáide ar an margadh agus feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise sin.

Leanfaidh an Rialtas le hidirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí earnála poiblí, ionadaíocha agus tionscail tríd an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda chun imscaradh brostaithe bonneagair teileachumarsáide a chinntiú agus chun a chinntiú go soláthrófar seirbhísí feabhsaithe do shaoránaigh.

[21] Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach https://www.gov.ie/en/publication/db7f83-mobile-phone-and-broadband-taskforce/

## 4.6 Taighde, Nuálaíocht agus Pleanáil sa Todhchaí

Aithnítear sa straitéis seo um Nascacht Dhigiteach an gá le taighde agus nuálaíocht a éascú agus a chur chun cinn i réimsí amhail nascacht lena ngabhann ardacmhainn agus aga folaigh íseal, agus teicneolaíochtaí nua eile atá ag teacht chun cinn amhail Bonneagar Cumarsáide Candamach[22], a ghiaráil.

Teastaíonn comhpháirtíochtaí ar fud an tionscail agus ar fud an Stáit agus glacfaidh an Stát ról gníomhach i dtionscnaimh a fhorbairt go díreach agus i gcabhrú le geallsealbhóirí na comhpháirtíochtaí sin a chruthú.

Gheall an Stát €5 mhilliún a chur ar fáil chun tacú le forbairt a dhéanamh ar **threoir-Bhonneagar Cumarsáide Candamach lena gcabhrófar le héiceachóras teicneolaíochta candamaí a fhorbairt** agus lena gcinnteofar go mbeidh Éire breá-ábalta scileanna agus inniúlacht a fhorbairt sa teicneolaíocht sin.

Leanfaidh an Stát le hurraíocht a dhéanamh ar thaighde spriocdhírithe ar phríomhréimsí fócais le haghaidh na hearnála cumarsáide, lena n-áirítear staidéar a dhéanamh ar na tionchair dhearfacha agus na tionchair dhiúltacha a bhíonn ag **athruithe teicneolaíochta digití ar an inbhuanaitheacht.**

Spreagfaidh ComReg nuálaíocht agus an fhorbairt cumarsáidí gan sreang lena n-úsáidfear speictream raidió na hÉireann tríd **an tseirbhís ceadúnúcháin gan sreang 'Test and Trial'**[23].

## 4.7 Tacú le Seirbhísí Digiteacha a ghlacadh ar fud earnálacha difriúla

Tá sé mar aidhm le Leas a Bhaint as Digitiú – Creat Digiteach na hÉireann, arb í straitéis dhigiteach náisiúnta nua na hÉireann í, an glacadh méadaithe le teicneolaíochtaí digiteacha a bhrú chun cinn agus a chumasú ar fud gach earnála den gheilleagar agus den tsochaí. Dírítear sa Chreat orthu seo: (i) Bunathrú Digiteach an Ghnó; (ii) Scileanna; agus (iii) Digitiú na Seirbhísí Poiblí. Faigheann na trí ghné sin tacaíocht ón Straitéis um Nascacht Dhigiteach, rud lena dtugtar do na hearnálacha difriúla sin an nascacht a theastaíonn chun an líon mór tairbhí a ghabhann leis an teicneolaíocht dhigiteach a réadú go hiomlán. Mar shampla, déanann feirmeoirí sa lá atá inniu ann beostoc a cheannach agus a dhíol trí mharglanna atá nasctha ag leathanbhanda ardluais a shruthú ar líne; i gcás a lán gnólachtaí Éireannacha,

---

[22] Is féidir mionsonraí faoi Thionscnamh an Bhonneagair Cumarsáide Chandamaigh Eorpaigh a fháil ag https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/european-quantum-communication-infrastructure-euroqci

[23] Is féidir tuilleadh mionsonraí a fháil ag https://www.testandtrial.ie/

coinníodh inmharthana iad le linn dianghlasálacha trí shiopadóireacht ar líne agus trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta chun custaiméirí nua a rochtain; tá an tionscal monaraíochta bia in Éirinn ag déanamh iniúchadh ar níos mó agus níos mó réiteach digiteach agus ag tabhairt isteach ina saoráidí táirgthe iad chun éifeachtúlacht agus cáilíocht a fheabhsú.

Cinntítear leis an Straitéis um Nascacht Dhigiteach go mbeidh a lán earnálacha difriúla, lena n-áirítear an Earnáil Talmhaíochta, an Earnáil Iompair, an Earnáil Turasóireachta agus an Earnáil Sláinte, in ann leas a bhaint as an nascacht a theastaíonn chun tacú lena réitigh dhigiteacha.

### 4.7.1 Ról na nOifigeach Leathanbhanda agus ár nÚdarás Áitiúil a Neartú

Tá údaráis áitiúla ag imirt ról tábhachtach sa Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda óna bhunú sa bhliain 2016 i leith. Tá tairbhí suntasacha tagtha as Oifigigh Leathanbhanda a cheapadh ar fud an 31 údarás áitiúil uile sa tréimhse sin.

Cuirtear de chúram ar ár nOifigigh Leathanbhanda:

(i) cur i bhfeidhm rathúil an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a éascú ina gContae faoi seach trí ghníomhú mar phointe teagmhála aonair do Leathanbhanda Náisiúnta Éireann agus do chuideachtaí teileachumarsáide eile i gcoitinne; agus

(ii) Straitéis Dhigiteach a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun an glacadh le nascacht ardluais a spreagadh i measc gach earnála den phobal, lena n-áirítear feasacht ar sheirbhísí leathanbhanda a chruthú agus éileamh orthu a spreagadh.

Mar sin féin, tá dúshláin ann fós maidir le leibhéal comhsheasmhachta agus éifeachtúlachta a chinntiú sa dóigh a gcuirtear deonú ceadanna/ceadanna pleanála/ceadúnais oscailte bóithre, etc., i bhfeidhm. De bhreis air sin, bíonn ag méadú ar an ngá le bonneagar gan sreang a éascú agus le giaráil a dhéanamh, b'fhéidir, ar shócmhainní nó láithreacha reatha atá faoi úinéireacht an Stáit in ionad féachaint le láithreáin nua a thógáil.

D'ainneoin an mhéid shuntasaigh oibre a theastaíonn fós chun tacú le himscaradh bonneagair, bíonn ról an Oifigigh Leathanbhanda ag athrú go mear chun go n-áirítear obair forbartha digití leis anois.

Is maith is eol d'Oifigigh Leathanbhanda go mbeidh impleachtaí doimhne dá gcontae ag an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda agus ag ceant speictrim MBSA2 agus tá siad ag ullmhú do na forbairtí sin a ghiaráil chun dul chun tairbhe do chónaitheoirí agus gnólachtaí áitiúla. Tá

straitéisí digiteacha áitiúla á n-athbhreithniú agus á n-athrú chun dáta faoi láthair, agus díriú á leagan ar theicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn chun tacú le ríomh-Rialtas, le ríomh-Shláinte, le cianobair agus le tionscnaimh chomhshaoil agus ríochta poiblí Idirlíon na nEarraí, agus ar aghaidh a thabhairt ar easnaimh litearthachta digití.

Beachtóidh an Rialtas ról an Oifigigh Leathanbhanda, ag féachaint do Bhosca Uirlisí Nascachta an Aontais Eorpaigh agus don chlár oibre Cliste Eorpach. De bhreis air sin, tabharfar tacaíocht d'údaráis áitiúla chun ról an Oifigigh Leathanbhanda a ailíniú le straitéisí digiteacha áitiúla.

Ina theannta sin, **leanfaidh an Rialtas le ról an Oifigigh Leathanbhanda a chomhchistiú isteach sa bhliain 2025 agus fiosróidh sé na deiseanna atá ann le hacmhainn an róil a mhéadú chun freastal ar riachtanais a bhíonn ag athrú, lena n-áirítear sainaonaid forbartha digití/bonneagair a bhunú ar bhonn áitiúil nó réigiúnach.**

## 4.7.2 Réitigh Chliste do Chathracha, do Bhailte agus do Phobail Tuaithe

Tá an-dul chun cinn déanta cheana féin ar réitigh Chliste a chur chun feidhme ar fud ár gcuid cathracha, bailte agus pobal tuaithe. Leagtar amach sna straitéisí digiteacha áitiúla ar fhorbair ár n-údaráis áitiúla iad réimsí soiléire fócais agus spriocanna uaillmhianacha atá le baint amach sna blianta atá le teacht. Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana féin i roinnt dúichí i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath[24], i Luimneach, i nGaillimh agus i bPort Láirge. Baineadh é sin amach trí chomhpháirtíochtaí láidre agus trí éiceachórais a bhfuil raon éagsúil geallsealbhóirí i gceist leo a chruthú. Tháinig roinnt príomhdhúshlán chun cinn agus tugadh aghaidh orthu trí na tionscadail tosaigh sin. Dá ainneoin sin, tá a lán oibre le déanamh fós.

[24] Mar shampla, féach Baile – Smart Docklands



### 4.7.3 Treoirthionscadail chun an t-aistriú digiteach a chur chun cinn

Tá an t-aistriú chuig an teicneolaíocht dhigiteach ag teacht i dtreis ar fud gach earnála, agus éilimh dhifriúla éagsúla á leagan ar ár nascacht dhigiteach. Mar shampla, tá feidhmchláir lena n-éilítear aga folaigh íseal agus athléimneacht ard ag teacht chun cinn feadh ár bpríomh-Chonairí Iompair chun sábháilteacht ar bhóithre agus bainistíocht feithiclí a fheabhsú; tá réitigh mhórscála 'meaisín go meaisín' á n-úsáid ag ár bhfóntais chun sonraí a bhailiú chun cabhrú leo seirbhísí a sholáthar ar dhóigh níos éifeachtúla agus níos iontaofa; agus tá bunathrú suntasach chun feabhais ar bun sa dóigh a dtáirgimid táirgí, a bhuí le digitiú na monaraíochta.

Trína Shaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF2), déanfaidh an tAontas Eorpach infheistíochtaí poiblí agus infheistíochtaí príobháideacha araon i mbonneagair nascachta digití a chur ar aghaidh agus a thionscnamh idir na blianta 2021 agus 2027. Bítear ag súil le glaonna ar aighneachtaí chuig CEF2 dhá uair sa bhliain.

**Tabharfaidh an Stát cabhair agus tacaíocht don tionscal agus é ag cur tograí ar aghaidh le haghaidh ghlaonna CEF2 chun go mbeifear in ann treoirthionscadail a fhorbairt** chun cur chun cinn a dhéanamh ar an méid is féidir a bhaint amach ar fud earnálacha difriúla.

### 4.7.4 Ionaid Sonraí agus Nascacht Dhigiteach

Baineann soláthraithe nascachta digití úsáid as bonneagar traidisiúnta Teicneolaíochta Faisnéise (TF) agus as bonneagar néalbhunaithe TF araon chun a gcuid seirbhísí a sholáthar. Comhpháirteanna tábhachtacha de bhonneagar TF an domhain i ngeilleagar nua-aimseartha oscailte is ea ionaid sonraí, agus freastalaíonn siad ar a lán úsáideoirí éagsúla TF, lena n-áirítear soláthraithe nascachta digití, soláthraithe sonraí agus inneachair, cuideachtaí a dteastaíonn uathu go ndéantar a sonraí a stóráil go sábháilte agus a bhainistiú agus go ndéantar cóip chúltaca dá sonraí, soláthraithe feidhmchlár (e.g., feidhmchláir ríomhphoist, feidhmchláir cuir teachtaireachtaí agus feidhmchláir meán sóisialta, etc.), soláthraithe ríomhthráchtála, agus soláthraithe cluichíochta ar líne, etc.

Mar sin féin, ní mór a chinntiú i mbeartais go n-uasmhéadófar na tairbhí dearfacha inbhuanaitheachta agus go mbainfear úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha ar dhóigh inbhuanaithe chun a chinntiú go mbeidh na dúshláin fuinnimh agus gheilleagair chiorclaigh a eascraíonn as an digitiú ag teacht lenár gcuspóirí aeráide. Leagtar amach sa Ráiteas ón Rialtas faoi Ionaid Glaonna sa Straitéis Fiontar[25] conas a rannchuideoidh ionaid sonraí leis an aistriú sin.

## 4.8 Cibearshlándáil agus Seirbhísí Éigeandála

Rud lena mbaineann ríthábhacht don earnáil is ea coimircí a chruthú chun faireachán a dhéanamh ar bhagairtí cibearshlándála agus chun freagairt dóibh agus chun slándáil líonra a spreagadh.

**Tá sé mar aidhm leis an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála[26] cur ar chumas na hÉireann leanúint le taitneamh a bhaint as tairbhí na réabhlóide digití ar dhóigh shábháilte agus páirt iomlán a imirt i dtodhchaí an Idirlín a mhúnlú**. Cuireadh an Straitéis le chéile ar bhonn eispéiris an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC)[27], atá freagrach as comhairle agus faisnéis a thabhairt don Rialtas agus do sholáthraithe Bonneagair Chriticiúil Náisiúnta maidir leis na bagairtí agus na leochaileachtaí reatha a bhaineann le slándáil faisnéise líonra. Cuireadh ar áireamh sa Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála dhá bheart a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí agus le seirbhísí cumarsáide leictreonaí:

[25] Bhí an Straitéis sin á forbairt agus an méid seo á scríobh

[26] Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála sa bhliain 2019 agus tá sí ar fáil ag gov.ie - An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála (www.gov.ie).

[27] Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach NCSC: An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.

- Beart 4: Ag obair dó i gcomhar le hÓglaigh na hÉireann agus leis an nGarda Síochána, déanfaidh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála measúnú riosca mionsonraithe agus athraithe chun dáta ar cé chomh leochaileach i leith cibirionsaithe is atá an Bonneagar Criticiúil Náisiúnta agus na seirbhísí ar fad; agus
- Beart 7: Tabharfaidh an Rialtas tacar eile beart slándála isteach chun tacú le cibearshlándáil an bhonneagair teileachumarsáide sa Stát.

Tá an-dul chun cinn ar Bheart 4 déanta cheana féin ag an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. Ba é an toradh a bhí ar Bheart 7 ná gur foilsíodh na Bearta Slándála Cumarsáide Leictreonaí[28], a bhfuil comhairliúchán ina leith ar bun le geallsealbhóirí iomchuí faoi láthair agus a meastar go dtabharfar chun críche iad ar ball.

Tá athbhreithniú ar an Straitéis ar siúl faoi láthair agus tabharfar i gcrích sa bhliain 2023 é, agus aird á tabhairt ar an tírdhreach cibearbhagairtí domhanda, ar fhorbairtí san Aontas Eorpach, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Slándáil na gCóras Gréasáin agus Faisnéise, agus ceachtanna a foghlaimíodh ón ionsaí bogearraí éirice ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó theagmhais shuntasacha eile chibearshlándála.

### 4.8.1 An tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála

Tá freagracht ar an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (ECAS) as gach glao ar 112 agus 999 agus gach téacs chuig na huimhreacha sin a fhreagairt, agus nasc ríthábhachtach á sholáthar aici idir an glaoiteoir agus na Seirbhísí Éigeandála. Féachann ECAS lena dhéanamh amach cén tSeirbhís Éigeandála atá á hiarraidh (an Garda Síochána, Seirbhísí Dóiteáin, Seirbhísí Otharchairr, Seirbhísí Garda Cósta nó Rialú Aerthráchta (i gcás éigeandálaí lena mbaineann aerárthach)) agus cá bhfuil an glaoiteoir chun an glao a atreorú chuig an ionad is cuí le haghaidh na Seirbhíse Éigeandála sin. Aistrítear an glao nó an téacs ansin chuig an tSeirbhís Éigeandála chuí, a ghlacann freagracht as an nglao agus a fhreagraíonn don éigeandáil. Leanann oibritheoirí ECAS le faireachán a dhéanamh ar an nglao go dtí go nglacfaidh an tSeirbhís Éigeandála leis. Láimhseáil ECAS breis agus 2.3 milliún glao sa bhliain 2021, agus é ag freagairt 98% de na glaonna uile laistigh de 1.3 soicind; scagadh 51% de na glaonna sin, agus 49% de ghlaonna á nascadh leis an tSeirbhís Éigeandála chuí; agus cuireadh 90% de ghlaonna ar aghaidh chuig an tSeirbhís Éigeandála laistigh de 18 soicind.

[28] https://www.gov.ie/en/consultation/6fc4c-technical-stakeholder-consultation-on-proposed-electronic-communications-security-measures-ecsms/

Leanann an Stát lena chinntiú go bhfeidhmíonn an tseirbhís seo ar shlí éifeachtach chomhsheasmhach i gcónaí agus go bhfreastalaíonn sí ar riachtanais saoránach le linn éigeandálaí[29].

### 4.8.2 Córas Rabhaidh Poiblí

Le linn éigeandála, tá sé ríthábhachtach go mbeadh comhlachtaí freagartha éigeandála in ann teagmháil a dhéanamh le daoine den phobal ar an dóigh is éifeachtaí agus is tráthúla is féidir chun faisnéis thábhachtach a thabhairt dóibh, ar faisnéis í a d'fhéadfadh a mbeatha a tharrtháil. De bharr an spleáchais mhéadaithigh ar fhóin phóca agus toisc go bhfuil fón póca ag formhór mór na ndaoine den phobal, tá fóin phóca ina modh rí-éifeachtach le haghaidh cumarsáid a dhéanamh le daoine ar féidir, mar shampla, nach bhfuil a dteilifís nó a raidió curtha air acu. De bhreis air sin, ceanglaítear ar gach Ballstát den Aontas Eorpach faoi Airteagal 110 den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach córas foláirimh téacs éigeandála atá bunaithe ar an bhfón póca (Córas Rabhaidh Poiblí) a bheith curtha chun feidhme acu ar an leibhéal náisiúnta.

**Oibreoidh an Stát i gcomhar le hoibritheoirí líonraí soghluaiste chun Córas Rabhaidh Poiblí nua a chur chun feidhme sa bhliain 2023 chun go mbeifear in ann teachtaireachtaí téacs a sheoladh chuig úsáideoirí fón póca thar ceann an Rialtais**, agus faisnéis fíor-ama á tabhairt faoi fhorbairtí i ndáil le teagmhais éigeandála mórscála amhail teagmhais adhaimsire nó teagmhais sceimhlitheoireachta a dteastaíonn mearfhreagairt ina leith.

# 5 An Straitéis um Nascacht Dhigiteach a Bhainistiú

Mar a luadh níos luaithe, tacaítear leis an Straitéis seo go díreach leis na spriocanna digiteacha foriomlána atá ag an Stát a bhaint amach, mar atá leagtha amach sa doiciméad 'Leas a Bhaint as Digitiú - Creat Digiteach na hÉireann'[30], go háirithe 'Gné 2: Bonneagar Digiteach', atá tuairiscithe laistigh den Chreat seo.

Foilseoidh an Stát an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn arna dhéanamh aige ar a spriocanna digiteacha foriomlána a chomhlíonadh agus ar an dul chun cinn arna dhéanamh

---

[29] Is féidir an t-athbhreithniú bliantúil ar sheirbhís ECAS a fháil ag https://www.gov.ie/en/publication/63c92-emergency-call-answering-service-ecas-annual-reviews/

[30] gov.ie - Leas a Bhaint as Digitiú - Creat Digiteach na hÉireann (www.gov.ie)

aige ar uaillmhian Dheacáid Dhigiteach an Aontais Eorpaigh[31] a bhaint amach. Leis an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI)[32], rud a fhoilsítear gach bliain, achoimrítear táscairí ar fheidhmíocht dhigiteach na hEorpa agus rianaítear an dul chun cinn atá á dhéanamh ag gach Ballstát den Aontas Eorpach, Éire san áireamh.

Tá sé beartaithe gur straitéis dhinimiciúil a bheidh sa Straitéis seo um Nascacht Dhigiteach agus go ndéanfar í a fhorbairt agus a athrú chun dáta, de réir mar is cuí. Tiocfaidh athrú ar na cumasóirí atá sainaitheanta sa Straitéis agus tiocfaidh an gá le tionscnaimh nua chun cinn de réir mar a fhorbraíonn an margadh. Déanfar plean gníomhaíochta níos mine a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh gach príomhchumasóra straitéisigh.

**Déanfaidh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an Straitéis seo a stiúradh agus a bhrú chun cinn**, agus feidhmeanna cuí rialachais agus formhaoirseachta á gcur i bhfeidhm le haghaidh gach réimse. **Ina theannta sin, déanfar an Straitéis í féin a athbhreithniú, a athrú chun dáta agus a athfhoilsiú ar bhonn tráthrialta, ach tráth nach déanaí ná an bhliain 2025.**

[31] Deacáid Dhigiteach an Aontais Eorpaigh https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/europes-digital-decade-digital-targets-2030_en

[32] Is féidir mionsonraí faoin Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach ón Aontas Eorpach a fháil ag https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/desi